

Ceallach

Cín Lae Fírén AD590-620

DIARMUID JOHNSON



An Chéad Eagrán 2022
© Diarmuid Johnson 2022

ISBN 978-1-913814-25-0

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus pictiúr clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí CL

*Tá an t-údar buíoch den Chomhairle Ealaíon as an sparánacht
a bhronn siad air agus é i mbun pinn.*



Foras na Gaeilge

Tuagann Foras na Gaeilge tacatocht do Leabhar Breac

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com

IARFHOCAL

I

An Eoraip

Is cuid de scéal na hÉireann agus de scéal na hEorpa atá sa leabhar seo. Cuid de scéal na Críostaíochta dá réir sin, agus de scéal na cumhachta agus na saothíúlachta san Eoraip ón uair a chuaigh impireacht na Róimhe i léig míle go leith bliain ó shin. Is cuid de scéal Aontas na hEorpa atá ann chomh maith.

An 9ú Bealtaine 1950, thug Robert Schuman (1887-1963) an óráid ba bhunchloch don Aontas Eorpach. Eisean ab Aire Gnóthaí Eachtracha i rialtas na Fraince ag an am. Cuspóir an aontais nua: an tsíocháin a bhuanú san Eoraip tar éis uafáis an Dara Cogadh Domhanda. An chéad bheart: cónaidhm eacnamaíochta i réimse an ghuail agus na cruaiche. An toradh a bhí ar an óráid: síneadh Chonradh Pháras i 1951.

I mí Iúil 1950, dhá mhí tar éis na hóráide móire, is i mbaile Luxeuil in oirthear na Fraince a bhí Schuman. Is amhlaidh a chuir sé cruinniú mullaigh ar bun ann. Tháinig cuid de pholaiteoirí sinseartha na hEorpa i láthair ann. Bhí toscaireacht as Éirinn ina measc. Ar thriúr den toscaireacht sin bhí Éamon De Valera, Seán McBride, agus John A. Costelloe.

Is faoi rún a tháinig polaitheoirí na hEorpa go Luxeuil i 1950. Ócáid le beatha Cholumbanus a chomóradh, agus deis le hómós a thabhairt do na fíréin a rinne soisceál Dé a

chraobhscaoileadh ar mhór-roinn na hEorpa, sin é ab ábhar don chruinniú go hoifigiúil.

Is maith a thuig Schuman go raibh Columbanus agus lucht a leanta — Ceallach san áireamh — i measc na gceannródaíthe a rinne luachanna na Críostaíochta a theagasc 1,400 bliain ó shin. I Lucsamburg cois abhainn an Moselle a tógadh Schuman, an abhainn úd a sheol Columbanus agus Ceallach ag triall dóibh ar chríocha na hAlmáine.

Is Caitliceach deabhóideach a bhí i Schuman, agus an fhís a bhí aige i gcomhair na hEorpa, fíis ar tháinig bláth uirthi de réir a chéile, is fíis í a bhí fréamhaithe i luachanna na Críostaíochta. Arsa Robert Schuman i leith Cholumbanus, ‘Eisean an naomh is pátrún do chách atá ag saothrú ar son aontú na hEorpa.’ Níor bheag sin.

II

An Stair

Is í tréimhse na Meirvínseach a thugtar ar an tréimhse atá faoi chaibidil sa leabhar. Sin í an chéad tréimhse staire in iarthar na hEorpa tar éis mheath impireacht na Róimhe. Is tréimhse í a mhair ón 5ú haois go dtí an 8ú aois AD.

Maidir leis na Meirvínigh féin, i rith na tréimhse sin, is iad ba ríthe ar thailte na Fraince agus na Beilge, mar aon le cuid de thailte na hSiltíre, na Gearmáine, agus na hEilvéise. Is é Clovis (AD 466-511) an chéad duine díobh a baisteadh ina Chríostaí, agus is iad sliocht Clovis a bhí i réim le linn imeachtaí an scéil idir AD 590 agus AD 620 nó mar sin.

An triúr de shliocht Clovis is mó atá i gceist sa leabhar, sin iad Teuderich II († 613), Teudebert († 612) agus Clotaire († 629). Is iadsan ba ríthe ar Burgundes, Austrasia, agus

Neustria faoi seach .i. ar na trí thrian a bhí i ríocht na Meirvínseach.

Le linn na Meirvínseach, más ea, is amhlaidh a leagadh síos dúshraith na hEorpa. Bhí ríocht mhór Chríostaí na Fraince ann. Bhí eaglais na Róimhe ann gona chóras deoisí agus easpag. Dá réir sin, bhí údarás an stáit ann, agus bhí údarás na heaglaise chomh maith.

Údarás an stáit *versus* údarás na heaglaise, sin í an chéad déúlacht atá le lua le stair na hEorpa. Tá sin ann fós lenár linn féin, cé gur rud é atá imithe i laige. An Chríostaíocht *versus* an págánachas, sin í an dara déúlacht. Is cuid d'oidhreacht impireacht na Róimhe atá sa dara déúlacht seo. Seo míniú air sin.

Le linn Impireacht na Róimhe, bhí 'sibhialta' *versus* 'barbartha' ann. Is ceist gheografach a bhí sa deighilt sin. Bhí na críocha sibhialta ann, agus dá réir sin bhí na tuatha sibhialta ann. Sin iad na críocha agus na tuatha a bhí laistigh den impireacht féin.

Ar an taobh eile den scéal, bhí na críocha barbartha ann, agus bhí na tuatha barbartha ann. Sin iad a bhí lasmuigh den impireacht. Dá réir sin, faoi aimsir na Meirvínseach, bhí críocha agus tuatha Críostaí ann laistigh de limistéar na ríochta agus na heaglaise, agus bhí críocha agus tuatha págánacha ann a bhí lasmuigh den limistéar sin — i gcríocha na Gearmáine agus na hÉilvéise, cuir i gcás.

Is iad na críocha agus na tuatha págánacha sin ar imeall ríocht na Meirvínseach atá i gceist sa leabhar seo. Le teorainn na ríochta a dhaingniú agus a bhrú soir, bhí briathar Dé le teagasc do na tuatha págánacha sin. Is manaigh as Éirinn, as an mBreatain agus as an mBriotáin a rinne cuid mhaith den teagasc sin. I measc na manach sin, bhí Ceallach (i.e. Gall,

Gallus, Gallen) mar aon lena anamchara, Columbanus, maille le haon duine dhéag eile de na manaigh a d'fhág mainistir Bheannchair i gContae an Dúin in earrach na bliana 591.

III An Scéal

Is i bhfoisceacht leathscór bliain de AD 600 a tharla imeachtaí an scéil atá sa leabhar seo. Tá insint ar chuid de na himeachtaí sin in *Life of St. Columban by the Monk Jonas* (eag. D.C. Munro, Philadelphia 1895, athchló Llanerch Press 1993). Is cáipéis thar a bheith luachmhar atá sa *Life of Columbanus*, nó is blianta beaga tar éis bháis do Cholumbanus (AD 616) a scríobhadh í. Tá tuilleadh d'imeachtaí an scéil in *The Life of St Gall* (eag. M. Joynt, 1927, athchló Llanerch Press 1992). Sin téacs nár scríobhadh go dtí an 8ú haois, beagnach dhá chéad bliain tar éis bháis do Cheallach.

Níl trácht i gceachtar den dá phríomhfhoinsé sin ar an aistear a rinne Columbanus, Ceallach agus na manaigh eile ó Éirinn go dtí an mhór-roinn. Níl ráite sa dá théacs ach gurbh as Éirinn a tháinig siad. Dá bhrí sin, is mé féin a chum an inseacht atá ar thús an scéil. Sin é atá i gCaibidil I den leabhar seo. Níl mórán sa dá phríomhfhoinsé ach oiread faoin turas a rinne na manaigh ón mBriotáin (Armorica/Leathae) go dtí Burgundes in oirthear na Fraince. Dá bhrí sin, is é toradh mo chuid taighde agus mo chuid samhlaíochta féin an inseacht atá ar imeachtaí an turais sin i gCaibidil II.

An méid atá i gCaibidil III agus IV, is cóiriú é a rinne mé féin ar an ábhar atá sna príomhfhoinsí. Maidir le Caibidil V, is ar na foinsí féin a bunaíodh inseacht na n-eachtraí sin. Tá bearnaí sna foinsí sin, áfach, tá siad an-achomair, agus dá

réir sin b'éigean cuid mhaith feola a chur ar an gcreatlach. Is amhlaidh do Chaibidil VI nó níl sna foinsí ach tagairt d'imeachtaí na díbeartha. Sin mar atá Caibidil VII chomh maith. Is fios gur tharla an méid atá sna caibidilí sin, agus níl sna foinsí ach cnámha an scéil. Maidir le Caibidil VIII agus IX arís ar ais, tá ábhar an dá chaibidil sin le fáil go réasúnta cuimsitheach sa *Life of St Gall*.

IV An Ghaeilge

Is i nGaeilge atá an leabhar seo, ach is scéal é nár scríobhadh i nGaeilge cheana. Nuair is amhlaidh atá, is fíor a rá gur athghabháil ar chuid de dhúchas na Gaeilge agus na hÉireann atá sa saothar. Na manaigh a chuaigh chun na mór-roinne sa 6ú haois, Ceallach agus Columbanus, cuir i gcás, is Gaeilgeoirí a bhí i gcuid mhaith díobh. Is maith a thuig lucht a gcomhaimsire gur Éireannaigh a bhí iontu, agus is Éireannaigh a thugtar orthu sna foinsí. Bhí a gcuid nósanna féin acu, agus is ábhar conspóide a bhí i gcuid de na nósanna sin. Is í ceist na Cásca agus dáta na Cásca an cheist ba chonspóidí ar fad díobh. Tá tagairtí don chonspóid sin i gcorp an leabhair seo, agus tuilleadh fós i leabhra eile, leabhra léinn agus staire.

Cén cineál Gaeilge atá sa leabhar seo? Is í mo chuid Gaeilge féin í. Tá sin le rá. Ach is Gaeilge í atá díoraithe ón nGaeilge liteartha a bhí i réim ón 12ú haois go dtí an 17ú haois. Ar bhealach amháin, is consaeit atá inti, mar níl aon phrós Gaeilge ann ón 6ú haois, ní áirím téacs fada leanúnach. Ar bhealach eile, is Gaeilge í den chineál a bheadh á scríobh, dar liom, dá maireadh an seantraidisiún léinn.

Eachtra agus Iomramh

Is é an leabhar *Imrama* (eag. Van Hamel, DIAS 1941) a chuir i dtreo scéal Cheallaigh agus Cholumbanus mé. Na scéalta atá sa leabhar sin, is tuairisc iad ar eachtraí éagsúla a mhair sna lámhscríbhinní. Formhór na n-eachtraí sin, is iad scéalta na naomh atá iontu, naoimh a thug orthu féin an dúchas a fhágáil agus dul thar sáile. Ach is mapa sa leabhar *Historischer Weltatlas* (eag. W. Leisering, Marixverlag 2011) a chuir an lasair sa bharrach. Ar leathanach 41 den leabhar sin, tá mapa na hEorpa ann, agus turas Cheallaigh agus Cholumbanus *et al* marcáilte air go soiléir.

Ó mo thaobh féin de, ní seanscéal ón gcianaimsir atá in imeachtaí Cheallaigh. An mapa thuasluaite, is mapa é a d'aithnigh mé go maith, mar is beag áit dá bhfuil marcáilte ann nár shiúil mé féin le mo linn. Thar aon ní eile, tá cuid d'aibhneacha móra iarthar na hEorpa luaite sa leabhar: an Aulne sa Bhriotáin, an Loire, an Seine, agus abha mhór na Réine, cuir i gcás. Éiríonn an Aulne gar don áit a bhfuil teach agus tearmann agam sa Bhriotáin. Bhí údar agam sna 1990idí le heolas a chur ar Rezé cois Loire. Ag tiomáint dom ón mBruiséil go dtí an Bhriotáin i 2019 agus 2020, is minic a sheas mé i Rouen cois Seine ag déanamh iontais den aill mhór agus den ardeaglais. Le linn mo chuid blianta sa Ghearmáin, is iomaí lá breá a chaith mé ag rothaíocht cois Réine nó ag seoladh liom i measc na dturasóirí ar an abhainn.

Thar áit ar bith eile, ar ndóigh, an té a chuirfidh suim in ábhar an leabhair seo, beidh fonn air cuairt a thabhairt ar loch mór an Bodensee ('Loch Bhríde'), agus ar chathair St Gallen — Cathair Cheallaigh — i dtuaisceart na hEilvéise.

Tá an mhainistir ann agus an leabharlann, tá Ceallach ina dhealbh ar an tsráid ann.

Seo é scéal Cheallaigh más ea: manach agus mac rí, Éireannach agus Eorpach, iascaire agus talmhaí, scoláire agus fear teangacha, deoraí agus díthreabhach, Críostaí mór nuair is creideamh raidiceach óg a bhí sa Chríostaíocht, duine daonna a bhfuil a ainm beo buan san iasacht fós. Ceallach: níor fhill sé ar Éirinn lena bheo. Mura mbeadh ann ach cuimhne air, tugaimis an méid sin féin ar ais ar an dúchas idir dhá chlúdach an leabhair seo. Is ceart agus is cóir sin.

Nóta Buíochais

Is mian liom buíochas a ghlacadh leis na daoine seo a leanas:
an tOllamh Emeritus Mícheál Mac Craith, OFM; an tOllamh
Barry Lewis; Konrad Fuhrmann; Françoise Vieille (Luxeuil);
foireann an mhúsaeim i mainistir Landevennec na Briotáine;
Mícheál Ó Catháin; John Hughes.

DJ Inis Ní 2021